**An Painéal Saoránach Eorpach um Shoghluaisteacht Foghlama**

**Seisiún 2 – Tuarascáil Achomair**

24/03 – 26/03/2023



## 1. Forbhreathnú

An Painéal Saoránach Eorpach um Shoghluaisteacht Foghlama, is painéal é ar a bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, agus atá le teacht le chéile le haghaidh trí sheisiún. Le linn an chéad seisiúin, shainaithin na saoránaigh 36 dhúshlán agus chonstaic ar an iomlán atá roimh an tsoghluaisteacht foghlama chuimsitheach san Eoraip agus arbh fhiú don Choimisiún a aird a dhíriú orthu. De réir na ndúshlán sin, shainmhínigh an Coiste Eolais trí bhloc topaicí chun struchtúr a chur ar dhíospóireacht na saoránach maidir le réitigh agus moltaí:

1) **Bloc Topaicí 1:** Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna **aonair agus ó thaobh dearcaidh de** a shárú (bacainní pearsanta, síceolaíocha, agus cinnteoireachta)
2) **Bloc Topaicí 2:** Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna **comhthéacsúla agus timpeallachta** a shárú (bacainní cultúrtha, sóisialta agus teanga)
3) **Bloc Topaicí 3:** Dúshláin, constaicí agus aincheisteanna **institiúideacha agus beartais** a shárú (rochtain ar eolas, bacainní eacnamaíocha agus airgeadais)

Bhí an dara seisiún ar siúl **ar líne ón 24–26 Márta 2023**. Ba é an aidhm a bhí leis go gcuirfeadh na saoránaigh réitigh in iúl chun na dúshláin agus na bacainní a sainaithníodh sa chéad seisiún a shárú. Chuige sin, chuir oifigigh de chuid an Choimisiún agus cainteoirí seachtracha éagsúla tuairimí faoi bhráid na saoránach maidir leis na constaicí sin agus chuir siad réitigh i láthair lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu, agus aird ar leith á tabhairt ar na fadhbanna agus ar an gcomhghéilleadh atá i gceist leo. I ndeireadh na dála, d’fhorbair na saoránaigh **45 dhréachtmholadh** agus iad i mbun plé ina meitheal agus ina meitheal.

### Lá 1 (Dé hAoine)

Ar an Aoine chuir na príomhmhodhnóirí agus Sophia Eriksson Waterschoot, an Stiúrthóir um an Óige, an tOideachas agus Erasmus+ ag an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr (DG EASC) fáilte roimh na saoránaigh chuig an seisiún ar líne. Ina dhiaidh sin, labhair Ute Haller-Block, an Ceann Aonaid ag DG EAC, ar thorthaí an chéad seisiúin agus leag sé amach an méid a raibh an Coimisiún ag coinne leis ó thaobh cad é a bhainfeadh an Painéal amach. Ansin iarradh ar Mantas Pupinis, Stiúrthóir Taighde PPMI agus comhalta den Choiste Eolais, a mhíniú conas a chnuasaigh an Coiste Eolais torthaí na saoránach ón gcéad seisiún ina dtrí bhloc topaicí. Thug sé an chéad fhorléargas ar na fadhbanna agus ar an gcomhghéilleadh atá mar bhunús leis na dúshláin sin, mar a shainaithint an Coiste Eolais. Chun an chéad bhabhta tuairimí sin a chomhlánú, thug Mika Saarinen, Stiúrthóir Ghníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne um Erasmus+ agus comhalta den Choiste Eolais, eolas do na saoránaigh maidir leis an gclár Erasmus+ agus maidir le cláir shoghluaisteachta foghlama eile atá ann cheana ionas go dtuigfí cén comhthéacs lena mbaineann obair an Phainéil. Sna trí dhíospóireacht phainéil ina dhiaidh sin, thug ceathrar cainteoirí tuilleadh sonraí i dtaobh na mbloc topaicí; thug siad dearcthaí éagsúla agus forléargas ar réitigh fhéideartha, ar aincheisteanna agus ar cheisteanna ina mbloc topaicí féin. Tugadh cuireadh do na cainteoirí de réir na dtorthaí ón gcéad seisiún. Ag deireadh gach díospóireachta painéil, bhí deis ag na saoránaigh ceisteanna a chur. Ar deireadh, leag na príomh-mhodhnóirí amach an clár ama don deireadh seachtaine agus rinne siad tagairt do chuspóir uileghabhálach an phainéil.

### Lá 2 (Dé Sathairn)

Dé Sathairn, d’oibrigh na saoránaigh go comhthreomhar ina 12 mheitheal a ndearnadh ateangaireacht chomhuaineach orthu agus a ndearna éascaitheoirí cleachta éascaíocht dóibh. Rinne cúntóirí taifead ar an bpróiseas i scarbhileoga ilteangacha rud a d’fhág go raibh na grúpaí in ann féachaint a thabhairt ar obair a chéile. Is éard a rinne na meithleacha ar fad i dtús an lae an chéad bhloc topaicí a chíoradh,

agus ar an gcaoi sin sháraigh siad constaicí síceolaíocha agus dearcaidh. Tháinig siad ar chomhaontú maidir le gnéithe cothrománacha a bheadh le coinneáil i gcuimhne agus moltaí á ndréachtú lena ndíreofaí ar dhúshláin chomhthéacsúla (bloc topaicí 2) agus dúshláin institiúideacha agus bheartais (bloc topaicí 3) a shárú. Ina dhiaidh sin, chuir gach meitheal dhá dhréachtmholadh ar fáil i dtaca le gach ceann den dá bhloc topaicí sin. Tráthnóna, sheol gach meitheal ambasadóir amháin chuig meitheal eile chun a gcuid dréachtmholtaí a chur i láthair agus chun aiseolas a fháil. I rith an lae, bhí an deis ag saoránaigh ceisteanna a chur ar shaineolaithe sa 'Lárionad Eolais agus Faisnéise' (LEF). Tugadh freagraí tráthnóna Dé Sathairn nó maidin Dé Domhnaigh.

### Lá 3 (Dé Domhnaigh)

Maidin Dé Domhnaigh, agus na saoránaigh ag obair ina meitheal féin, chomhtháthaigh siad an t-aiseolas a fuair siad ó na meithleacha eile agus, i gcás inarb infheidhme, freagraí na saineolaithe. **Mar thoradh air sin dhréachtaigh na 12 mheitheal 45 mholadh san iomlán**. Don seisiún iomlánach deiridh roghnaigh gach meitheal urlabhraí amháin. Chuir gach urlabhraí dhá cheann de mholtaí a mheithle i láthair ann Phainéil ar fad. Nuair a bhí an méid sin curtha i láthair, fuair na saoránaigh aiseolas ar a smaointe ó chomhalta den Choiste Eolais, Mika Saarinen, agus ó ionadaí ón gCoimisiún Eorpach, Ute Haller-Block. Ina dhiaidh sin, bhí deis ag na saoránaigh ceisteanna a chur ar an mbeirt chainteoirí sin agus a n-aiseolas féin a roinnt ar an seisiún reatha, agus tacaíodh leis an méid sin le trí cheist ar Slido. Ar deireadh, fuair na saoránaigh forléargas ar an seisiún deiridh agus ar na chéad chéimeanna eile.

## 2. Liosta na gcainteoirí agus na saineolaithe a bhí rannpháirteach

Le linn an dara seisiúin, bhí na saineolaithe seo a leanas rannpháirteach mar chainteoirí sa seisiún iomlánach agus mar chomhaltaí den Lárionad Eolais agus Faisnéise, inar fhreagair siad ceisteanna na saoránach:

### Comhaltaí an Lárionaid Eolais agus Faisnéise

- **Mantas Pupinis**, Stiúrthóir Taighde PPMI agus Bainisteoir Tionscadail an tionscadail atá ar siúl faoi láthair dar teideal 'Study on supporting learning mobility: progress, obstacles and the way forward' [Staidéar maidir le tacú leis an tsoghluaisteacht foghlama: dul chun cinn, constaicí agus an bealach chun tosaigh]
- **Mika Saarinen,** Stiúrthóir, Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne um Erasmus+ (EDUFI)
- **Gina Ebner**, Ard-Rúnaí, An Comhlachas Eorpach i ndáil le hOideachas a chur ar Dhaoine Fásta
- **Fabienne Metayer**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Marta Guitierrez Benet**, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Svava B. Finsen**, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Kinga Szebeni**, An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú
- **Jutta König-Georgiades**, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
- **Steffen Schulz**, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

### Cainteoirí (seachtracha agus comhaltaí den Choimisiún Eorpach)

- **Mantas Pupinis**, Stiúrthóir Taighde PPMI agus Bainisteoir Tionscadail an tionscadail atá ar siúl faoi láthair dar teideal 'Study on supporting learning mobility: progress, obstacles and the way forward' [Staidéar maidir le tacú leis an tsoghluaisteacht foghlama: dul chun cinn, constaicí agus an bealach chun tosaigh]
- **Mika Saarinen,** Stiúrthóir, Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne um Erasmus+ (EDUFI)
- **Gina Ebner**, Ard-Rúnaí, An Comhlachas Eorpach i ndáil le hOideachas a chur ar Dhaoine Fásta

- **Wim Gabriels**, Stiúrthóir agus comhordaitheoir an Chuimsithe Shóisialta agus na Rannpháirtíochta sa tSoghluaisteacht, Líonra Mac Léinn Erasmus
- **Christoph van Mol**, Ollamh Cúnta, Ollscoil Tillburg
- **Irina Ferencz**, Stiúrthóir, An Comhlachas um Chomhar Acadúil
- **Gregorio Blanco Martin**, Ceann Roinn an Bhéarla agus Comhordaitheoir Erasmus, IES Gabriel Alonso de Herrera
- **Ewa Krzaklewska**, Ollamh Cúnta, Ollscoil Jagiellon
- **Ruben Sansom**, Comhordaitheoir na Soghluaisteachta Glaine, Generation Climate Europe
- **Brikena Xhomaqi**, Stiúrthóir, Lifelong Learning Platform
- **Audrey Firth**, Stiúrthóir, Eurodesk Brussels Link
- **Søren Kristensen**, Sainchomhairleoir, Techne
- **Ute Haller-Block**, Ceann Aonaid, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Vito Borelli**, Ceann Foirne, An Ard- Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr
- **Chiara Riondino**, Ceann Aonaid, An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

## 3. Clár oibre gearr

| **Dé hAoine (24/03)** | **Seisiún Iomlánach** |
|---|---|
| 14:30 – 14:50 | **Fáilte, cur i láthair na dtuairimí ó Sheisiún 1 agus clár oibre Sheisiún 2** |
| 14:50 – 15.35 | **Imeacht ó na constaicí go dtagaimis ar réitigh i dtaca leis an tsoghluaisteacht foghlama do chách**<br>Cainteoirí ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCoiste Eolais |
| 15:35 – 15:55 | *Sos* |
| 15:55 – 16:40 | **Bloc Topaicí 1: Bacainní pearsanta agus síceolaíocha a shárú**<br>Agallaimh le saineolaithe agus C&F |
| 16:40 – 17:20 | **Bloc Topaicí 2: Bacainní cultúrtha, sóisialta agus teanga a shárú**<br>Agallaimh le saineolaithe agus C&F |
| 17:20 – 17:40 | *Sos* |
| 17:40 – 18:20 | **Bloc Topaicí 3: Bacainní a bhaineann le heolas, eacnamaíocht agus airgeadas a shárú**<br>Agallaimh le saineolaithe agus C&F |
| 18:20 – 18:30 | **Na chéad chéimeanna eile agus focal scoir** |
| **Dé Sathairn (25/03)** | **Meithleacha** |
| 09:30 – 09:45 | **Tógáil na ngrúpaí/aithne a chur ar a chéile** |
| 09:45 – 11:00 | **Sliotán 1: Obair ghrúpa ar dhréachtmholtaí** (Bloc topaicí 1) |
| 11:00 – 11:30 | *Sos* |
| 11:30 – 13:00 | **Sliotán 2: Obair ghrúpa ar dhréachtmholtaí** (Bloic topaicí 2 agus 3) |
| 13:00 – 14:30 | *Sos lóin* |
| 14:30 – 16:00 | **Sliotán 3: Obair ghrúpa ar dhréachtmholtaí** (Bloic topaicí 2 agus 3) |
| 16:00 – 16:30 | *Sos* |
| 16:30 – 18:00 | **Sliotán 4: Aiseolas idir grúpaí** |
| **Dé Domhnaigh (26/03)** | **Meitheal** |

| | |
|---|---|
| 09:30 – 11:15 | **Sliotán 5: Dréachtmholtaí a chomhdhlúthú** |
| 11:15 – 11:30 | *Sos* |
| | **Seisiún Iomlánach** |
| 11:30 – 12:40 | **Cuir i láthair ó na grúpaí agus aiseolas** |
| 12:40 – 12:55 | *Sos* |
| 12:55 – 13:20 | **Freagraí ó na saineolaithe maidir leis an obair a rinneadh i seisiún 2 Idirghníomhaíocht agus C&F** |
| 13:20 – 13:30 | **Clabhsúr agus focal scoir** |

## 4. Taifid ar na seisiúin iomlánacha

- **Dé hAoine**, 24/03/2023, 14:30-18:30 Am Lár na hEorpa: https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-learning-mobility-session-2-plenary-20230324%20
- **Dé Domhnaigh**, 26/03/2023, 11:30-13:30 Am Lár na hEorpa: https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-learning-mobility-session-2-plenary-20230326